


5 DAOINE – RÉIMSÍ LEICTREACHA AGUS MAIGHNÉADACHA

5.1 RÉAMHRÁ

- 1 Soláthraítear measúnú sa chaibidil seo den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ar an bhforbairt a bheartaítear, faoi mar a shonraítear i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS, i ndáil le Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha (EMF). Baineann an fhaisnéis sa chaibidil seo le Limistéar Staidéir na Mí (MSA) faoi mar a shonraítear i gCaibidil 5, **Imleabhar 3B** den EIS.
- 2 Déantar cur síos i gCaibidil 6, **Imleabhar 3B** den EIS ar shaghas agus ar réim iomlán na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear gnéithe de dheardh na líne lasnairde (OHL) agus na túir. Soláthraítear cur síos fíorasach, de réir coda, ar an línebhealach ar fad inti. Cuirtear síos ar an línebhealach a bheartaítear sa chaibidil sin trí bhailte fearainn agus uimhreacha túir a úsáid mar thagairt.
- 3 Go háirithe, déantar cur síos i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS ar na gnéithe sin den mheasúnú ar EMF atá coiteann do Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) (feic **Imleabhar 3C** den EIS) agus do Limistéar Staidéir na Mí (MSA). Ba cheart an chaibidil sin a léamh sula léitear an t-imleabhar seo chun lántuiscint a fháil ar an ábhar comhshaoil. Cuirtear síos i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS, ar na nithe seo a leanas:
 - Forbhreathnú ar EMF:
 - Speictream leictreamaighnéadach; agus
 - Foinsí EMF ar minicíocht rí-íseal (ELF) Agus cúrsaí nochtá.
 - EMF ón bhforbairt a bheartaítear;
 - Comhlíonadh le Treoirínte um Nochtadh;
 - Taighde Sláinte ar EMF ar minicíocht rí-íseal (ELF);
 - An Prionsabal Réamh-aireach agus EMF;
 - Ríomhanna teicniúla agus Torthaí – EMF a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear; agus
 - Achoimre agus Conclúidí.
- 4 Tugtar anailís sa chaibidil seo ar an EMF a bhaineann leis an líne lasnairde a bheartaítear, mar a bhaineann sé leis an línebhealach i Limistéar Staidéir na Mí.


5.2 MODHEOLAÍOCHT

- 5 Rinneadh an EMF a ríomh chuig fad 150 m ar an dá thaobh de lár na líne lasnairde.
- 6 Mar a pléadh i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS, tacófar le formhór mór na líne leictreachais a bheartaítear le túir laitíse chiorcaid shingil. Cé go bhfuil an fhorbairt a bheartaítear roinnte sna píosaí CMSA agus MSA ionas go mbeidh sé níos éasca tuairisc a thabhairt ar ghnéithe eile den fhorbairt a bheartaítear, cinnítear na EMFanna ón líne leictreachais a bheartaítear tríd an gcumraíocht agus an gcineál túir faoi leith a úsáidtear i gcodanna difriúla den bhealach seachas trí thagairt do réimse staidéir faoi leith. Dá bhrí sin tá an plé a dhéantar ar an EMF ón líne leictreachais a bheartaítear roinnte sna codanna ar leithligh sin den líne a bheartaítear le cumraíochtaí túir líne leictreachais éagsúla.
- 7 Thar fhorhómór mór den bhealach a bheartaítear, is cumraíocht chiorcaid shingil a bheidh ar an líne lasnairde a bheartaítear, arna tacú ar thúir laitíse. I gcodanna gearra in áiteanna eile feadh an bhealaigh, tá sé i gceist an líne leictreachais a thógáil in dhá chumraíocht éagsúla: ciorcad singil á thacú ar thúir thrasuímh sa chuid CMSA den bhealach agus trí na túir laitíse chiorcaid dhúbailte atá ann cheana a úsáid sa chuid MSA den bhealach. D'fhonn freastal a dhéanamh ar an líne lasnairde 400 kV i Limistéar Staidéir na Mí, ní mór líne lasnairde 110 kV amháin atá ann cheana féin a athrú beagán. Léirítear i bhFíor 5.1 suíomh na gcodanna éagsúla den línebhealach leictreachais le cumraíochtaí éagsúla ciorcad.




Fíor 5.1: Léarscáil den Idirnascaire a bheartaítear ina dTaispeántar an Línebhealach Tarchuir a Bheartaítear

- 8 Thar an bhfad gearr ina mbeartaítear an taobh neamhúsáidte (thuaidh) de na túir laitíse chiorcaid dhúbailte reatha a úsáid, a thacaíonn le ciorcad 400 kV na Seansráide go Fearann na Coille, don fhorbairt a bheartaítear, beidh an EMF ón líne leictreachais ar an gcuid ghearr sin den bhealach a thógfar ar na túir laitíse chiorcaid dhúbailte seo a léirítear i bhFíor 5.2(a), beidh sé difriúil ón EMF ón líne leictreachais ar na túir laitíse chiorcaid shingil agus meastar dá bhrí sin gur cás ar leithligh atá ann. Tá léarscáil den chuid sin den fhorbairt a bheartaítear, ina léirítear cineál agus suíomh na dtúr laitíse ciorcaid dhúbailte, le feiceáil níos mine i bhFíor 5.2(b).



Fíor 5.2(a): Túr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte Reatha



Fíor 5.2(b): Léarscáil den Chuid den Fhorbairt a Bheartaítear a Léiríonn Suíomh Chuid na dtúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte

5.3 SAINTRÉITHE NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 9 Is é atá i gceist leis an bhforbairt a bheartaítear líne lasnairde a thógáil arna tacú le túir chruach laitíse thar achar de thimpeall 54.5 km agus úsáid á baint as an taobh neamhúsáidte de thúir chiorcaid dhúbailte atá ann cheana thar achar de 2.85 km. Baineann réimsí leictreacha agus maighnéadacha le línte lasnairde.

5.4 AN STAID FAOI LÁTHAIR

- 10 Pléitear an staid i láthair na huairé ó thaobh EMF de go mion i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS. Pléitear an cúlra eolaíochta i leith EMF, tugtar faisnéis ar na foinsí agus na leibhéil EMF cúlra atá le fáil de ghnáth i láthair na huairé, athbhreithnítear faisnéis i ndáil le taighde sláinte ar EMF, agus soláthraítear faisnéis maidir leis an mbealach a gcomhlíonann EirGrid treoirlínte um nochtadh. Ar deireadh, soláthraítear an mhodheolaíocht agus na ríomhanna um EMF maidir le cumraíocht gach túir líne leictreachais a bheartaítear i gCaibidil 8, Rannán 8.7, **Imleabhar 3B** den EIS (Ríomhanna Teicniúla).

5.5 TIONCHAR FÉIDEARTHA

5.5.1 Déan Faic

- 11 Ní athrófar leibhéil chúlra EMF ó fhoinsí EMF atá ann cheana. Leanfaidh EirGrid ar aghaidh ag cloí leis na teorainneacha nochta atá leagtha sna treoirlínte nochta ábhartha.

5.5.2 Céim na Tógála

- 12 Ní tharlaíonn EMF ach nuair a thagann an líne lasnairde i bhfeidhm. Ní bheidh aon EMF ón líne lasnairde le linn chéim na tógála den fhorbairt a bheartaítear.

5.5.3 An Chéim Oibríoch

- 13 Ríomhadh leibhéil EMF ag 1 m os cionn talún, de réir chaighdeán IEC 61786 (1998), ag baint úsáide as algartaim a d'fhorbair an Bonneville Power Authority (BPA) i Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe (BPA, 1991). Tuairiscítear luachanna ríofa mar chainníochtaí comhthorthacha fhréamh mheán na gcearnóg éilips an réimse ag gach suíomh feadh thraschríos atá ingearach le lár líne na líne leictreachais ag achair chomh fada amach le 150 m¹⁰. Thug EirGrid sonraí

¹⁰ Sna halgartaim BPA a úsáidtear, glactar leis go bhfuil na seoltóirí ag airdí seoltóirí lár réise agus gan teorainn ó thaobh méide de. Gar do na Túir Gléasaistrithe ina dtarlaíonn céim an ghléasaistrithe ní shásaítear toimhde maidir le seoltóirí nach bhfuil aon teorainn leo, ach bheadh leibhéil réimse sna háiteanna sin níos ísle ná iad sin a chuirtear i láthair i ríomhanna le haghaidh airdí seoltóirí lár réise.


maidir le cumraíochtaí geoiméadracha, cineál seoltóra, agus lódáil na líne leictreachais a bheartaítear do Exponent¹¹.

5.5.3.1 Réimsí Maignéadacha atá Bainteach le Codanna Túr Laitíse Ciorcaid Shingil

- 14 Tá an réimse maighnéadach a bhaineann leis na codanna de thúr laitíse ciorcaid shingil den líne leictreachais arna tacú ag meascán de thúir idirmheánacha agus thúir uillinne le feiceáil i bhFíor 5.3 maidir le meánlódáil agus buaiclódáil, araon. Léirítear dhá amharc éagsúla den ghraf céanna i ngach fíor. Tá an réimse X-ais céanna 0 go dtí 150 m ó lár líne an ailínithe bealaigh sa dá amharc. Tá raon Y-ais le réimse 0 go dtí 100 micritheisle (μT)¹² ag an ngraf ar barr agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí maighnéadacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna laistigh de 50 m den lár líne i gcoibhneas leis an Leibhéal Tagartha ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ó Radaíocht Neamhianaithe (ICNIRP). Tá raon Y-ais le réimse 0 go $2\mu\text{T}$ ag an ngraf ar bun agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí maighnéadacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna os cionn 50 m ón lár líne nach bhfuil le feiceáil ar an ngraf ar barr.
- 15 Ríomhtar go bhfuil uasleibhéal an réimse mhaighnéadaigh ag meánlódáil díreach faoi na línte agus go mbeidh sé ionann le thart ar $16 \mu\text{T}$. Tagann laghdú ar dhéine an réimse mhaighnéadaigh de réir faid go dtí thart ar $1.0 \mu\text{T}$ ag achar 50 m agus go dtí thart ar $0.25 \mu\text{T}$ ag achar 100 m ón líne láir, sin laghdú faoi fhachtóir 64. Léirítear uasleibhéil an réimse mhaighnéadaigh, chomh maith le leibhéil réimse ag 50 m agus 100 m ón lár líne, i dTábla 8.5 agus i dTábla 8.6, **Imleabhar 3B** den EIS maidir le meánlódáil agus buaiclódáil, faoi seach.

¹¹ Is iad Exponent na sainchomhairleoirí atá freagrach as ullmhú na ngnéithe sin den EIS seo a bhaineann le EMF.

¹² Is ionann leibhéal an réimse mhaighnéadaigh de $100\mu\text{T}$ agus Leibhéal Tagartha an ICNIRP (1998); feic Tábla 8.2 de Chaibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.




Fíor 5.3: Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Shingil a Bheartaítear le haghaidh Buaiclóid Ghearrthearma agus Meánlód

5.5.3.2 Réimsí Leictreacha atá Bainteach le Cumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Shingil

- 16 Taispeántar i bhFíor 5.4 leibhéal an réimse leictirigh a bhaineann leis na túir laitíse chiorcaid shingil. Léirítear dhá amharc éagsúla den ghraf céanna i ngach fíor. Tá an réimse X-ais céanna 0 go dtí 150 m ó lár líne an ailínithe bealaigh sa dá amharc. Tá raon Y-ais le réimse 0 go dtí 15 kV/m ag an ngraf ar barr agus is féidir é a úsáid chun leibhéal na réimsí leictreacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna laistigh de 50 m den lár líne i gcoibhneas leis an mBunleibhéal Srianata ICNIRP 9 kV/m¹³. Tá raon Y-ais le réimse 0 go 2 kV/m ag an ngraf ar bun agus is féidir é a úsáid chun leibhéal na réimsí leictreacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna ó 50 m go 150 m ón lár líne nach bhfuil le feiceáil ar an ngraf ar barr.
- 17 Ríomhtar go bhfuil uasleibhéal an réimse leictirigh faoin líne leictreachais thart ar 7.9 kV/m, agus tagann laghdú ar an luach sin go dtí faoi bhun 1 kV/m níos faide ná thart ar 25 m ón lár líne. Taispeántar leibhéal na réimsí leictirigh is airde atá ríofa, chomh maith le leibhéal réimse ag 50 m agus 100 m i dTábla 8.7, **Imleabhar 3B** den EIS.

¹³ Feic Tábla 8.2 de Chaibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.



Fíor 5.4: Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh Chumraíocht na dTúr Laitise Ciorcaid Shingil a Bheartaítear


5.5.3.3 Réimsí Maighnéadacha atá Bainteach le Cumraíocht na dTúr Laitise Ciorcaid Dhúbailte

- 18 Léirítear an réimse maighnéadach a bhaineann leis an líne reatha leictreachais agus leis an líne nua leictreachais ar na túir laitise chiorcaid dhúbailte i bhFíor 5.5 agus is cosúil é leis an réimse maighnéadach ón líne nua leictreachais ciorcaid shingil a ndéantar cur síos uirthi i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS. Léirítear dhá amharc éagsúla den ghráf céanna i ngach fíor. Tá an réimse X-ais céanna 0 go dtí 150 m ó lár líne an ailínithe bealaigh sa dá amharc. Tá raon Y-ais le réimse 0 go dtí $40 \mu\text{T}^{14}$ ag an ngráf ar barr agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí maighnéadacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna laistigh de 50 m den lár líne. Tá raon Y-ais le réimse 0 go $2 \mu\text{T}$ ag an ngráf ar bun agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí maighnéadacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna os cionn 50 m ón lár líne nach bhfuil le feiceáil ar an ngráf ar barr.
- 19 Ríomhtar gur faoi bhun na seoltóirí líne leictreachais atá an réimse maighnéadach is airde agus tagann laghdú air go tapa níos faide uathu. Ríomhtar gurb ionann an réimse maighnéadach uasta faoin líne leictreachais i gcás dhá líne ag feidhmiú ar na túir laitise chiorcaid dhúbailte agus thart ar $12\text{-}14 \mu\text{T}$, ag brath ar an bpasáil a roghnaítear. Tagann laghdú níos tapa ar na leibhéil réimse maighnéadaigh de réir faid, áfach, don chumraíocht pasála optamaí¹⁵ ná don chumraíocht pasála neamh-optamaí.
- 20 Tiochfaidh méadú ar leibhéal an réimse mhaighnéadaigh in aice leis an lár líne leictreachais mar gheall ar shuiteáil an chiorcaid nua ar na struchtúir atá ann cheana. I gcomhair pasáil optamach, tiochfaidh laghdú chomh mór le $1.4 \mu\text{T}$ ar leibhéil an réimse mhaighnéadaigh thar tuairim is 10 m ón lár líne. Ó thuaidh den líne leictreachais, ní thiochfaidh aon athrú suntasach ar leibhéil an réimse mhaighnéadaigh ($<1\mu\text{T}$) thar tuairim is 25 m ón lár líne agus tiochfaidh laghdú orthu thar tuairim is 40 m ón lár líne. Chun tionchar an chéimnithe a léiriú, léirítear áirimh an réimse maighnéadach a bhaineann le cumraíochtaí céimnithe optamacha agus neamhoptamacha i bhFíor 5.5 agus Fíor 5.6, faoi seach.
- 21 Léirítear na réimsí maighnéadacha is airde a ríomhadh ag meánlódáil, mar aon le leibhéil réimse ag 50 m agus 100 m, i dTábla 8.5, **Imleabhar 3B** den EIS do chumraíochtaí pasála optamaí agus neamh-optamaí, araon. Tugtar achoimre i dTábla 8.6, **Imleabhar 3B den EIS** ar bhuaicréimsí maighnéadacha a d'fhéadfadh nach dtarlódís ach ar feadh cúpla uair an chloig i dtréimhse dheich mbliana.
- 22 D'fhéadfadh an leibhéal réimse mhaighnéadaigh ar fud raon de leibhéil lódaithe a bheith i bhfad ní b'ísle ná mar a ríomhadh é mar gur roghnaíodh na toimhdí samhaltaithe a rinneadh anseo lena chinntiú go ndéantar meastachán coimeádach ar leibhéal réimse mhaighnéadaigh atá


¹⁴ Is $100\mu\text{T}$ an Leibhéal Tagartha ICNIRP (1998) – feic Tábla 8.2 de Chaibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

¹⁵ Is beart maolaithe 'gan chostas nó ar chostas íseal' atá in optamú pas le haghaidh EMF ar féidir é a chur i bhfeidhm ar línte lasnaide ciorcaid dhúbailte. Pléitear é ar bhonn níos mionsonraithe i Rannán 8.7, Caibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

infheidhme maidir le gach suíomh. Tacaítear le tásca go bhfuil na leibhéil réimse mhaighnéadaigh ríofa níos airde ná mar a bheifí ag súil leo faoi lódú tipiciúil eile trí línte leictreachais 400 kV atá ann cheana féin in Éirinn a thomhas, lena léirítear go bhfuil an réimse maighnéadach ó línte 400 kV ar thuir den chineál céanna an oiread agus 3-4 huairé níos ísle ná mar a ríomhtar anseo.



Fíor 5.5: Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear le haghaidh Meánlódála agus Pasáil Optamach in Úsáid




Fíor 5.6: Próifíl Ríofa an Réimse Mhaighnéadaigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear le haghaidh Meánlódála agus Pasáil Neamh-Optamach in Úsáid.

5.5.3.4 Réimsí Leictreacha


- 23 Léirítear an réimse leictreach ón líne reatha leictreachais agus ón líne nua leictreachais ar na túir laitíse chiorcaid dhúbailte i bhFíor 5.7 thíos (pasáil optamach¹⁶) agus i bhFíor 5.8 (pasáil neamh-optamach) anseo agus is cosúil é leis an réimse leictreach ón líne nua leictreachais chiorcaid shingil a ndéantar cur síos uirthi i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS. Léirítear dhá amharc éagsúla den ghraf céanna i ngach fíor. Tá an réimse X-ais céanna 0 go dtí 150 m ó lár líne an ailínithe bealaigh sa dá amharc. Tá raon Y-ais le réimse 0 go dtí 15 kV/m ag an ngraf ar barr agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí leictreacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna laistigh de 50 m den lár líne i gcoibhneas leis an mBunleibhéal Srianta ICNIRP 9 kV/m¹⁷. Tá raon Y-ais le réimse 0 go 2 kV/m ag an ngraf ar bun agus is féidir é a úsáid chun leibhéil na réimsí leictreacha ríofa a chinneadh le hamharc ag suíomhanna os cionn \pm 50 m ón lár líne nach bhfuil le feiceáil ar an ngraf ar barr.
- 24 Ríomhtar gur faoi bhun na seoltóirí líne leictreachais atá an réimse leictreach is airde agus tagann laghdú air go tapa níos faide uathu. Ríomhtar go mbíonn luachanna éagsúla ag an réimse leictreach is airde, ó thart ar 8.0 go 8.8 kV/m ag brath ar an gcumraíocht phasála a roghnaítear, ach tiocfaidh laghdú ar an luach go dtí faoi bhun 0.3 kV/m níos faide ná 50 m ón lár líne agus go dtí 0.04 kV/m níos faide ná thart ar 100 m ón lár líne beag beann ar an bpasáil a roghnaítear, laghdú de níos mó ná 200 uair. Léirítear na leibhéil réimse leictreach is airde a ríomhadh, mar aon le leibhéil réimse ag 50 m agus 100 m, i dTábla 8.7 de Chaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS do chumraíochtaí pasála optamaí agus neamh-optamaí araon.

¹⁶ Is beart maolaithe 'gan chostas nó ar chostas íseal' atá in optamú pas le haghaidh EMF ar féidir é a chur i bhfeidhm ar línte lasnairde chiorcaid dhúbailte. Pléitear é ar bhonn níos mionsonraithe i Rannán 8.7, Caibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

¹⁷ Feic Tábla 8.2 de Chaibidil 8 d'**Imleabhar 3B** den EIS.



Fíor 5.7: Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear agus Pasáil Optamach in Úsáid



Fíor 5.8: Próifíl Ríofa an Réimse Leictrigh le haghaidh na Cumraíochta Reatha agus Chumraíocht na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte a Bheartaítear agus Pasáil Neamh-Optamach in Úsáid

5.5.4 Díchoimisiúnú

25 Beidh an fhorbairt a bheartaítear ina cuid bhuan den bhonneagar leictreachais. Meastar go mairfidh an fhorbairt idir 50 agus 80 bliain. Bainfear é sin amach trí ghnáthchothabháil a dhéanamh ar an bhforbairt, í a athchóiriú más gá agus crua-earraí a athsholáthar nuair is gá. Níl aon phleananna leagtha amach maidir leis an líne lasnairde a dhíchoimisiúnú. Sa chás go ndéanfar cuid den bhonneagar a bheartaítear, nó an bonneagar ar fad, a dhíchoimisiúnú, bainfear gach túr, trealamh agus ábhar atá le díchoimisiúnú as an láithreán agus déanfar an talamh a atreisiú. Bheifí ag súil go mbeadh tionchair níos lú ná mar a bheadh le linn chéim na tógála agus nach mairfeadh an tionchar sin ach go gearrthéarmach.

5.6 BEARTA MAOLAITHE

26 Beidh an fhorbairt bheartaithe á oibriú i gcomhlíonadh le treoirlínte ábhartha maidir le rialú EMF, go sonrach leis na treoirlínte nochtadh chainníochtúil ábhartha. Beart maolaithe gan chostas nó ar chostas íseal a fhéadfar a chur i bhfeidhm chun an leibhéal réimse leictirigh agus an leibhéal réimse mhaighnéadaigh aron a laghdú is ea optamú a dhéanamh ar chumraíocht phasanna chuid na dTúr Laitíse Ciorcaid Dhúbailte den bhealach. Taispeántar tábla achomair i dTábla 8.8 de Chaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS ina ndéantar cur síos ar an laghdú ar leibhéal réimse leictirigh agus mhaighnéadaigh ag achair éagsúla le haghaidh na gcumraíochtaí céimnithe optamacha agus neamh-optamacha.

5.7 TIONCHAR IARMHARACH

27 Níltear ag súil le haon tionchar iarmharach mar go mbeidh an fhorbairt a bheartaítear á hoibriú i gcomhlíonadh le treoirlínte.

5.8 IDIRCHADREAMH IDIR TOSCA COMHSHAOIL

28 Ba cheart an chaibidil seo a léamh i gcomhar le caibidlí eile den imleabhar seo den EIS, lena n-áirítear: **Caibidil 2** Daoine – Pobal agus Eacnamaíoch, **Caibidil 3** Daoine – Úsáid Talún, agus **Caibidil 6** Flóra agus Fána chun tuiscint iomlán a fháil ar na príomh-idirghaolmhaireachtaí idir na hábhair chomhshaoil sin.

29 Leagtar amach i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS, an acmhainneacht le haghaidh idirghníomhaíochtaí idir daoine agus flóra agus fána agus an taighde agus na staidéir eolaíochta lena mbaineann.

30 Tagann na príomh-idirghaolmhaireachtaí féideartha uathu seo a leanas:

- **Caibidil 2** – Daoine – Daonra agus Eacnamaíoch – D’fhéadfadh idirghníomhaíochtaí le daoine a bheith ann. Mar sin féin, mar gheall ar na coinníollacha oibriúcháin don líne 400 kV a bheartaítear, áiritheofar go mbeidh EMF faoi bhun na dtreoirlínte maidir le EMF d’Éirinn agus don AE. Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF agus sláinte daoine, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF.
- **Caibidil 6** – Flóra agus Fána – D’fhéadfadh idirghníomhaíochtaí le flóra agus fána a bheith ann. Mar sin féin, mar gheall ar na coinníollacha oibriúcháin don líne 400 kV a bheartaítear, áiritheofar go mbeidh EMF faoi bhun na dtreoirlínte maidir le EMF d’Éirinn agus don AE. Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF agus sláinte speiceas ainmíoch, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF.

5.9 CONCLÚIDÍ

- 31 Is éard atá i gceist go príomha leis an bhforbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí ná forbairt líne lasnairde ciorcaid shingil thar achar de thart ar 54.5 km. Chomh maith leis an gcuid sin den bhealach, tá cuid 2.85 km i gceist ina bheartaítear taobh neamhúsáidte na dTúr Laitíse ciorcaid dhúbailte lena dtacaítear ciorcad 400 kV na Seansráide go Fearann na Coille i gcomhair na forbartha a bheartaítear.
- 32 Pléitear treoirlínte um nochtadh, agus conas a chomhlíonann EirGrid na treoirlínte sin, i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS. Pléitear an cúlra eolaíochta i leith EMF, tugtar faisnéis ar na foinsí agus na leibhéil EMF cúlra atá le fáil de ghnáth i láthair na huaire, athbhreithnítear faisnéis i ndáil le taighde sláinte ar EMF ar mhinicíocht rí-íseal (ELF), agus soláthraítear faisnéis maidir leis an mbealach a gcomhlíonann EirGrid treoirlínte um nochtadh. Agus aird chuí ar na treoirlínte um nochtadh a leagtar amach i gCaibidil 8, **Imleabhar 3B** den EIS, léirítear go soiléir sna ríomhanna EMF sa rannán seo go bhfuil leibhéil an réimse mhaighnéadaigh arna dtáirgeadh ag an líne 400 kV a bheartaítear faoi teorainneacha noхта (bunsrianta) an AE (1999) agus dá réir sin nach gcuirfidís faoi deara go sáródh réimsí leictreacha inmheánacha agus déine srutha na teorainneacha sin, atá bunaithe go bitheolaíoch, maidir le nochtadh. Toisc go bhfuil na ríomhanna sin bunaithe ar thoisín coimeádacha maidir le hoibriú na líne 400 kV a bheartaítear, is dócha go dtabharfar ró-mheastachán iontu ar na leibhéil EMF ón líne leictreachais.
- 33 Mar achoimre, fiú amháin nuair a dhéantar toimhdí coimeádacha faoi na dálaí oibriúcháin a ghlahtar maidir leis na ríomhanna EMF a thugann ró-mheastachán de leibhéil réimse de ghnáth, tá an EMF ón líne 400 kV a bheartaítear fós níos ísle ná treoirlínte EMF na hÉireann agus an AE. Ina theannta sin, cloíonn an Bonneagar Reatha Leictreachais le Moladh ón gComhairle *maidir leis an teorannú ar nochtadh an phobail i gcoitinne do réimsí*

leictreamaighnéadacha (1999/519/CE) agus leanfar den chomhlíonadh sin áit ar gá mionathruithe a dhéanamh chun cloí leis an tionscadal a bheartaítear. Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF. Tá an measúnú sin ag teacht le hathbhreithnithe a rinne gníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.